



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 6.10.2011
SEC(2011) 1139 leagan deireanach

DOICIMÉAD OIBRE Ó FHOIREANN AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh
RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

maidir le forálacha sonracha maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an sprioc Infheistíochta le haghaidh fáis agus post, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006

agus

**Togra le haghaidh
RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1084/2006 ón gComhairle

agus

**Togra le haghaidh
RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríche Eorpaigh**

{COIM(2011) 614 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1138 leagan deireanach}

{COM(2011) 611 final}
{COM(2011) 612 final}

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is é seo an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra reachtach lena leagtar síos forálacha maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (CC) agus maidir le sprioc an Chomhair Chríche Eorpaigh.

Is cuid é de phacáiste de Mheasúnuithe Tionchair ar a n-áirítear freisin an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán lena leagtar síos foralacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh atá cumhdaithe faoin gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 (an Rialachan Foralacha Coiteanna), agus an Measúnú Tionchair a ghabhann le Rialachán CSE.

1. AN FHADHB A SHAINIÚ

Tá ról tábhachtach ag beartas réigiúnach Eorpach maidir le leas a bhaint as sócmhainní áitiúla agus díriú ar an acmhainneacht inginiúil a fhorbairt. Mar sin féin, faoi mar a tugadh chun suntais san Athbhreithniú Buiséid, ba cheart buiséad an AE a úsáid chun earraí poiblí an AE, gníomhaíochtaí nach bhfuil na Ballstáit agus na réigiúin in ann a mhaoiniú iad féin a mhaoiniú, nó i gcás ina bhféadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach.

Dírítear go heisiach sa MT ar na trí réimse ina bhfuil coigeartuithe ag teastáil de réir mar a léirítear le taithí.

1.1. Tacaíocht d'fhiontair

Tá torthaí suntasacha le feiceáil mar thoradh ar thacaíocht beartas comhtháthaithe d'fhiontair. Is ann d'fhianaise gur rannchuidigh beartas comhtháthaithe le cruthú aon mhilliún ollphost ar a laghad i dtionscadail thacaithe in 2000-2006. Mar sin féin, níl an beartas dírithe a dhóthain ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus ar nuálaíocht.

I gcás Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, fadhb é rochtain ar airgead ar an margadh d'infheistíochtaí go háirithe. Tá an cás maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí móra difriúil, toisc nach bhfuil feidhm ag easpa rochtana ar airgead ar fhiontair mhóra de ghnáth. Léirítear i bhfianaise eimpíreach go bhfuil cabhair dhíreach d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide níos éifeachtaí, agus i gcás cuideachtaí móra d'fhéadfadh forlámhas a bheith ag laghdú infheistíochta príobháidí de bharr méadú in iasachtaíocht rialtais ar éifeachtaí dearfacha. Rinneadh cáineadh de bharr cistiú infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair mhóra i gcás nach bhfuil gá le hidirghabháil phoiblí go dtugtar cistiú do ghnólachtaí nach bhfuil ina ghátar, agus dá bhrí sin go bhfuil an cistiú ag laghdú infheistíocht phríobháideach in áit breisluach a bheith aige.

Tá éagsúlacht i mbéim ar thacaíocht fiontair idir BS; tá béim láidir ar thacaíocht infheistíochta ag roinnt agus tá béim láidir ar bhearta 'níos boige' amhail an nuálaíocht ag BS eile. Mar sin féin, i BS eile tá ról an-láidir fós ag tacaíocht nach bhfuil nasctha le nuálaíocht. Tá sainiú raon feidhme reatha ERDF róleathan agus ceadaítear tacaíocht chineálach gnó chun fiontraíocht a

spreagadh i ngach earnáil, beag beann ar an ann do theip margaidh bainteach leis an earnáil sin, agus gan spleáchas ar rannchuidiú na hearnála i dtaca le fás agus le fostaíocht.

Ar an gcaoi sin, is é an phríomhfhadhb le raon feidhme reatha ERDF go bhfuil sainiú raon feidhme na cabhrach d'fhiontair róleathan agus go gcaithfear éifeachtacht agus breisluach na cabhrach do ghnólachtaí a uasmhéadú.

1.2. Tacaíocht d'infheistíocht i mbonneagar

Is é an phríomh-shaincheist a sainíodh maidir le raon feidhme chistiú an bhonneagair iompair i mbeartas comhtháthaithe reatha an easpa cumais atá ann díriú leordhóthanach a áirithiú ar thosaíochtaí an AE. Cé gur díriodh cistiú comhtháthaithe ar thosaíochtaí mar a shainítear i dtreoirlínte TEN-T, ach ní ar na codanna sin a sainíodh mar an breisluach Eorpach is airde tráth a sainithe. Is é an dúshlán a bheidh ag beartas comhtháthaithe ranníocaíocht éifeachtach a dhéanamh leis na riachtanais shainaitheanta infheistíochta dar luach €30 billiún i gcroíbhonneagar TEN-T sna tíortha Comhtháthaithe go dtí 2020.

Ina theannta sin, tá tábhacht ag baint le feabhsú chomhordú na n-ionstraimí difriúla ón AE i maoiniú TEN-T. Go dtí seo díriodh ar bhearta boga i gclár TEN-T amhail staidéir indéantachta a mhaoiniú, agus díriodh an Ciste Comhtháthaithe ar infheistíocht i mbonneagar. Tá saincheist an chomhordaithe ábhartha go háirithe toisc go gcuimsítear le raon feidhme an Chiste Chomhtháthaithe mar a shainítear sa Chonradh infheistíocht fhisiciúil in TEN-T, a dhéanfaidh an tSaoráid "Connecting Europe" nuabheartaithe a mhaoiniú freisin.

1.3. Comhar críche

Maidir le comhar críche, breisluach a bhaineann le **comhar críche** Eorpach is ea go gcuirtear deiseanna ar fáil leis do ghníomhaíocht chomhpháirteach atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán a thrasnaíonn teorainneacha náisiúnta/réigiúnacha níos minice anois:

- fadhbanna trasteorann;
- dea-chleachtas a chomhroinnt;
- comhar i gcás gur ann do bharrainneachtaí scála agus do mhais chriticiúil;
- comhar a bhfuil d'aidhm aige rialachas a fheabhsú;
- comhar ar theorainneacha seachtracha an AE maidir le saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus le cobhsaíocht, agus le caidrimh chomhthairbheacha.

Maoinítear cuspóir an Chomhair Chríche Eorpaigh le ERDF, trí bhuiséad iomlán €8.7 billiún a áiríonn 2.5% de leithdháileadh iomlán 2007-13 do bheartas comhtháthaithe.

In ainneoin a chumais aghaidh a thabhairt ar an réimse saincheisteanna atá liostaithe thuas, sa tréimhse reatha, tá deis ann feabhas a chur ar chlár Chomhair Chríche Eorpaigh:

- easpa béime straitéisí a bhfuil straitéisí leathana idirghabhála mar thoradh uirthi agus deacracht tionchar a shainaithint go héasca dá bharr;

- easpa comhordaithe éifeachtaigh chun comhréitigh a aimsiú idir ceanglais Rialachán an AE agus creataí dleathacha na mBallstát lena mbaineann.

1.4. Cosaint ghníomhaíocht an AE

Tugtar cosaint do ghníomhaíocht an AE ar fhorais na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 174 den Chonradh agus ar phrionsabal na coimhdeachta. Bunaítear an ceart beart a dhéanamh le hAirteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ina sonraítear go gcuirfidh an tAontas “chun cinn an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, mar aon leis an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit”, agus le hAirteagal 175 den CFAE chomh maith ina n-iarrtar go sainráite ar an Aontas an beartas sin a chur chun feidhme trí Chistí Struchtúracha, agus le hAirteagal 177 ina sainítear ról an Chiste Chomhtháthaithe.

2. CUSPÓIRÍ

Sainítear an **cuspóir ginearálta** in Airteagal 176 den CFAE, gurb é aidhm ERDF cabhrú le sásamh a fháil ar na príomh-éagothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas trí rannpháirtíocht i bhforbairt agus i gcoigeartú struchtúrach i réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl agus i gcomhshó réigiún ina bhfuil meath tionsclaíoch ag tarlú. Mar a shonraítear in Airteagal 177 den Chonradh, is é aidhm an Chiste Chomhtháthaithe maoiniú a dhéanamh ar thionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach maidir le bonneagar iompair.

De bharr raon feidhme an MT seo, is iad na **cuspóirí sonracha** a áirithiú go gcaitear ERDF agus an Ciste Chomhtháthaithe mar seo a leanas:

- ar bhealach éifeachtach;
- ar bhealach éifeachtúil;
- ar bhealach a chuireann breisluach ard Eorpach ar fáil.

Baineann na **cuspóirí oibríochta** leis na saincheisteanna aonair a pléadh agus is iad seo a leanas iad:

- Tacaíocht fiontair d’fhonn a áirithiú go rannchuidíonn tacaíocht infheistíochta d’fhiontair le fás agus le fostaíocht inbhuanaithe agus go rannchuidíonn tacaíocht do nuálaíocht le forbairt acmhainneachta áitiúla agus réigiúnaí.
- Infheistíocht bonneagair: d’fhonn a áirithiú gur ann do dhíriú leordhóthanach ar thosaíochtaí Eorpacha.
- Comhar críche: d’fhonn a áirithiú gur ann do bhéim leordhóthanach ar thosaíochtaí Eorpacha, agus solúbthacht do BS agus do réigiúin cuspóirí téamacha a roghnú.

3. ROGHANNA BEARTAIS

Áiríodh na roghanna difriúla sa Mheasúnú Tionchair d’fhonn aghaidh a thabhairt ar fhadhb an raoin feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí sainithe, lena léirítear malairtí ó oiriúnú measartha ar na socruithe reatha go hathruithe níos bunúsaí.

3.1.1. Rogha 1 – Gan athrú ar an mbeartas

- Tá raon feidhme ERDF leathan go fóill, ag díriú ar infheistíocht tháirgiúil agus ar fhorbairt acmhainneachta inginiúla.
- Tugtar cabhair dhíreach go príomha ach ní go heisiach d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

3.1.2. Rogha 2 – Tacaíocht níos dírithe d’fhiontair mhóra ag díriú ar T&F, ar nuálaíocht agus ar eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin

- Teorannaítear cabhair d’infheistíocht tháirgiúil ghinearálta chun poist a chruthú agus a chosaint chuig Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide.
- Tacaíocht d’fhorbairt acmhainneachta inginiúla do ghnólachtaí móra agus beaga araon trí fhorbairt, trí thaighde agus trí nuálaíocht réigiúnach agus áitiúil a chothú.

3.1.3. Rogha 3 – Gan deontais a thabhairt do ghnólachtaí móra; iasachtaí agus maoiniú cothromais d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide amháin

- Tacaítear leis an uile infheistíocht tháirgiúil trí chabhair neamhdheontais trí ionstraimí nuálacha maoinithe.

3.2. Raon feidhme na tacaíochta bonneagair trí ERDF agus tríd an gCiste Comhtháthaithe

3.2.1. Rogha 1 – Status quo

- Leantar ar aghaidh ag maoiniú mórbhonneagair i ngach réigiún den AE trí ERDF agus tríd an gCiste Comhtháthaithe, agus díritear cistiú ar réigiúin bheagfhorbartha. Níl cistiú ón gCiste Comhtháthaithe ar fáil ach i BS bhochta.
- I réigiúin bheagfhorbartha leagtar béim ar thionscadail tosaíochta a bhfuil leas Eorpach iontu mar a shainítear i gcreat nua TEN-T, agus ar bhonneagar tánaisteach araon.
- Ina theannta sin, leantar ar aghaidh ag cistiú tionscadal bonneagair a bhfuil breisluach ard Eorpach acu i réigiúin fhorbartha le clár TEN-T, ag díriú go háirithe ar idirghabhálacha boga (e.g. staidéir indéantachta etc.).
- Cuimsítear na hinfeistíochtaí bonneagair sna cláir náisiúnta oibríochta, agus socraítear tosaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.

3.2.2. Rogha 2 – Béim bhreisithe ar thosaíochtaí Eorpacha in infheistíochtaí mórbhonneagair i réigiúin bheagfhorbartha agus an tSaoráid "Connecting Europe" i réigiúin mhórfhorbartha

- Maoinítear infheistíochtaí bonneagair i réimse na dtosaíochtaí straitéiseacha Eorpacha leis an gCiste Comhtháthaithe. Níl an ciste ar fáil ach i BS bhochta.

- Dhíreofaí ar thionscadail a bhfuil leas náisiúnta agus/nó réigiúnach acu in ERDF.
- Cuimsítear infheistíochtaí mórbhonneagair i gcláir náisiúnta agus áirithítear ailíniú infheistíochta le tosaíochtaí an AE trí liosta ceangailteach na dtionscadal infheistíochta straitéisí atá le réadú go dtí 2020, roghnaithe agus caibidlithe leis na Ballstáit agus san áireamh sna Conarthaí Comhpháirtíochta. Cuirfear cistiú do na tionscadail sin ar leataobh.
- Beidh cineálacha coinníollachta ex-ante i réimse na pleanála straitéisí leis an mbéim ar infheistíochtaí straitéiseacha in iompar inbhuanaithe.
- Cheapfaí tosaíocht d'infheistíochtaí atá suntasach go náisiúnta nó go réigiúnach de réir a rannchuidithe le hinbhuanaitheacht agus de réir a rannchuidithe gréasáin.
- Bheadh an tSaoráid “Connecting Europe” arna comhlánú ag infheistíocht beartas comhtháthaithe i mbonneagar fisiciúil, ní ag infheistíochtaí boga amháin. Dhéanfaí tionscadail bonneagair a bhfuil breisluach ard AE acu a mhaoiniú tríd an tSaoráid “Connecting Europe”. Chuirfí €10 billiún ar leataobh laistigh den leithdháileadh airgeadais don Chiste Comhtháthaithe don CCEF.

3.2.3. Rogha 3 – Béim bhreisithe ar bhonneagar náisiúnta tríd an gCiste Comhtháthaithe

- Maoinítear infheistíochtaí bonneagair i réimse na dtosaíochtaí straitéiseacha Eorpacha leis an gCiste Comhtháthaithe i réimse croí-TEN-T agus TEN-T cuimsitheach.
- Dhíreofaí ar thionscadail a bhfuil leas náisiúnta agus/nó réigiúnach acu in ERDF.
- Amhail Rogha 2, cuimsítear infheistíochtaí mórbhonneagair i gcláir náisiúnta.
- Dhíreofaí sa tSaoráid “Connecting Europe” infheistíochtaí ar na Ballstáit fhorbartha amháin agus mhaoineofaí tionscadail bonneagair a bhfuil breisluach ard AE acu.
- Mhaoineofaí tionscadail i mBallstáit bheagfhorbartha leis an gCiste Comhtháthaithe agus dá bhrí sin bheadh an tSaoráid “Connecting Europe” arna comhlánú go geografach aige. Ní bheadh aon aistriú €10 billiún ón gCiste Comhtháthaithe go dtí an tSaoráid “Connecting Europe”.

3.3. Comhar críche

3.3.1. Rogha 1 – Gan athrú ar an mbeartas

- Leanfaí ar aghaidh ag sainiú tosaíochtaí do chlár chomhair go leathan.
- Ní bhunófaí nasc foirmiúil idir clár chomhair agus clár Chóineasaithe/Iomaíochais.

3.3.2. Rogha 2 – Díriú téamach agus nasc treisithe le clár eile

- Bheadh teorainn leis an líon cuspóirí téamacha a bhféadfadh comhar trasteorann agus comhar trasnáisiúnta roghnú uathu.

- Cuid lárnach den chreat foriomlán straitéiseach a bheadh i ngnéithe an chomhair.

3.3.3. Rogha 3 – Comhtháthú comhair sna cláir réigiúnacha

- Ní bheadh cláir chomhair chríche ar leithligh ann níos mó.
- Dhéanfaí gníomhaíochtaí comhair i gcreat na gelár reatha réigiúnach a d'áireodh deis chun foráil a dhéanamh do ghníomhaíocht chomhair.

4. COMPARÁID A DHÉANAMH IDIR NA ROGHANNA

Raon feidhme na tacaíochta fiontair arna maoiniú ag ERDF

Faoin rogha gan athrú ar an mbeartas, de bharr raon feidhme sách leathan maidir le hidirghabháil tugtar solúbthacht leordhóthanach do na Ballstáit chun na réimsí idirghabhála a rachaidh i ngleic lena ndúshláin a roghnú, agus tugtar formhór na tacaíochta d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus do TFTN. Mar sin féin, is ann do thacaíocht infheistíochta do ghnólachtaí móra go fóill, agus d'fhéadfadh laghdú infheistíochta príobháidí de bharr maoiniú poiblí a bheith mar thoradh air sin.

Faoi Rogha 2, dhéanfaí tacaíocht do chuideachtaí móra a theorannú chuig infheistíochtaí sonracha a mbeadh d'aidhm acu tacú le forbairt acmhainneacht inginiúil an réigiúin, go háirithe i réimse na nuálaíochta, na nuatheicneolaíochtaí agus an taighde agus i réimse an chomhair agus an chomhthionscnaimh idir gnólachtaí móra, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus institiúidí eile. Ina theannta sin, faoin rogha seo, is ann d'fhéidearthacht ról na n-ionstraimí neamhdheontais a mhéadú go háirithe maidir le tacaíocht infheistíochta a bhaineann go ginearálta le riosca níos ísle agus baineann cailiteanas marbhualaigh méadaithe léi i gcomparáid le hinfeistíocht i nuálaíocht agus i ngníomhaíochtaí ardriosca. Laghdófaí cailiteanas marbhualaigh leis na bearta sin, ach laghdófaí solúbthacht do na BS freisin.

Faoi Rogha 3, méadaítear éifeachtúlacht an chistithe agus éifeachtaí gearála má thoirmeasctar tacaíocht atá bunaithe ar dheontas do ghnólachtaí móra. Mar sin féin, d'fhéadfaí nuálaíocht agus gníomhaíochtaí taighde a theastaíonn chun príomhspríocanna an AE a bhaint amach a dhíspreagadh toisc go bhfuil an tacaíocht neamh-inaisíochta níos éifeachtaí do thionscadail dhiana T&F, nuálacha i bhfad ón margadh. D'fhéadfaí ardú suntasach i gcostais riaracháin d'údarais bhainistíochta a thabhairt le fios freisin má bhogtar ó fhoirmeacha neamh-inaisíochta go foirmeacha inaisíochta cabhrach.

Ar bhonn éifeachtacht na tacaíochta a fheabhsú, chomh maith lena rannchuidiú d'acmhainneacht agus d'fhás agus d'fhostaíocht áitiúil agus réigiúnach, is í Rogha 2 an rogha tosaíochta.

Raon feidhme na tacaíochta bonneagair trí ERDF agus tríd an gCiste Comhtháthaithe

Faoin gcás gan athrú ar an mbeartas, leanfaí ar aghaidh leis na sochair a tharla de bharr maoiniú an AE do bhonneagar. Mar sin féin, bheadh béim ar thosaíochtaí gréasáin Eorpaigh fós fo-optamach, agus bheadh cailiteanais éifeachtúlachta mar thoradh ar infheistíochtaí bonneagair i réigiúin shaibhre. Gan comhordú idir beartas comhtháthaithe agus an tSaoráid “Connecting Europe”, bheadh maoiniú an AE do bhonneagar ilroinnte go fóill.

Faoi Rogha 2, d'éascófaí díriú ar thionscadail an AE a bhfuil tosaíocht acu mar gheall ar bhéim bhreisithe ar thosaíochtaí Eorpacha, ar an tSaoráid "Connecting Europe" agus ar €10 billiún ón gCiste Comhtháthaithe a chur ar leataobh. Mar sin féin, laghdaítear solúbthacht do na BS agus do réigiúin leis an rogha seo.

Bheadh béim ar infheistíochtaí bonneagair i réigiúin Chóineasaithe fós le Rogha 3, ina bhfuil na bunriachtanais bhonneagair is mó. Is é príomhbhuntaíste na rogha seo go dtugtar solúbthacht iomlán do thíortha Comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí réigiúnacha agus náisiúnta sna réigiúin sin. Is é príomh-mhíbhuntaíste na rogha seo nach ndírítear an Ciste Comhtháthaithe go leordhóthanach ar chroíthionscadail TEN-T.

Ar bhonn breisluach AE agus comhordú idir an tSaoráid "Connecting Europe" agus an Ciste Comhtháthaithe, is í Rogha 2 an rogha tosaíochta.

Comhar críche

Faoin rogha gan athrú ar an mbeartas, tá níos mó solúbthachta ag cláir Chomhair Chríche Eorpaigh maidir le roghnú réimsí beartais ar mhaith leo aghaidh a thabhairt orthu. Mar sin féin, tá easpa foriomlán béime straitéisí agus easpa sainithe shoiléir ar aschur measta cláir mar thoradh air. Ina theannta sin, bheadh sé deacair leis an rogha seo comhlántacht le cláir eile an AE a áirithiú.

D'ailíneofaí cláir chomhair níos treise leis an Straitéis Eoraip 2020 le Rogha 2. Bheadh loighic fheabhsaithe idirghabhála idir na cláir mar thoradh uirthi, a d'eascródh ó shocrú cuspóirí an chláir le sainiú na gcineálacha aschuir agus na dtorthaí measta. Ina theannta sin, mhéadófaí sineirgí le cláir réigiúnacha oibríochta. Dá ainneoin sin, d'fhéadfadh níos lú solúbthachta i ndearadh an chláir a bheith mar thoradh ar an rogha seo.

Bheadh sineirgí méadaithe mar thoradh ar Rogha 3 agus rachfaí chun tairbhe an chláir réigiúnaigh trí ghné AE a chur leis. Dá ainneoin sin, ní cheadófaí ach comhar ar thionscadail shonracha, agus ní chothófaí forbairt fhadtéarmach straitéise comhtháite do chríoch trasteorann ná thrasnáisiúnta. Bheadh baol ann freisin go ndéanfaí faillí ar ghné AE sa chlárúchán. Bheadh sé níos deacra comhthionscadail a fhorbairt gan struchtúr tacaíochta.

Ar bhonn béime níos fearr ar thosaíochtaí Eorpacha, forbairt loighic shoiléir idirghabhála cláir agus breisluach feabhsaithe, is í Rogha 2 an rogha tosaíochta.

5. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH

Treiseofar na córais fhaireacháin agus mheastóireachta i gcomparáid leis an gcás reatha, agus béim fheabhsaithe ar thorthaí agus ar ailíniú leis an Straitéis Eoraip 2020. I dtéarmaí nithiúla, chiallódh sé sin na nithe seo a leanas:

- D'áireofaí i geláir cur in iúl soiléir maidir leis na hathruithe a lorgaítear, an chaoi a rannchuideodh sé le spriocanna Eoraip 2020, agus an chaoi a rannchuideoidh caitheamh na n-acmhainní ar idirghabhálacha áirithe (aschur) le hathrú (torthaí). Sloinnfear é sin i dtáscairí aschuir agus toraidh. Bainfear leas as sraith táscairí comónta, ailínithe le cuspóirí EU2020, nuair is iomchuí.

- D'áireofaí i ngach clár creat feidhmíochta ina socrófaí garspriocanna cainníochtaithe le haghaidh gach ais tosaíochta, bunaithe ar bhonn líon teoranta táscairí cláir d'fhonn dul chun cinn i dtreo seachadadh tosaíochtaí nasctha le Eoraip 2020 a chur in iúl go soiléir.
- Mholfadh an Ballstát na garspriocanna sin don chreat feidhmíochta agus d'aontódh an Coimisiún agus na Ballstáit iad.
- D'áireofaí achoimre ar gharspriocanna, ar mhodheolaíocht agus ar na príomhphrionsabail sa Chonradh Comhpháirtíochta.

Dhéanfaí faireachán ar fheidhmíocht na gclár oibríochta go rialta ar bhonn shraith táscairí an chláir. Chuirfeofaí i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme tuarascálacha ar aschur a baineadh amach i gcomparáid le spriocanna agus anailís ar na cúiseanna ar sáraíodh na spriocanna seo nó nár sáraíodh. Dhéanfaidh Coistí Faireacháin machnamh ar an ngá a bheadh le haon athruithe nó le tionscnaimh eile d'fhonn a áirithiú go gcoinnítear an clár ar an mbóthar ceart. Déanfar faireachán freisin ar thorthaí agus déanfar tuairisciú orthu a luaithe a chuirtear sonraí ar fáil agus déanfar iad a phlé sa Choiste Faireacháin agus i gcrúinnithe an Athbhreithnithe Bliantúil.

Samhlaítear go mbeadh dhá phointe fhoirmiúla athbhreithnithe ann chun scrúdú a dhéanamh ar fhianaise i gcoinne na ngarspriocanna a shainítear sa chreat feidhmíochta. Thabharfadh an Coimisiún faoin gcéad athbhreithniú ar dhul chun cinn ar na garspriocanna comhaontaithe a bhaint amach in 2017 ar bhonn na dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme maidir leis an ionsú agus leis na haschuir. Déanfar an dara hathbhreithniú in 2019.